Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Feabhra 2021
(OR. en)

6011/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0032(NLE)

MI 70
ECO 21
ENT 24
UNECE 5

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5982/21+ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin NA Uimh. 13, 13-H, 18, 30, 41, 46, 48, 53, 54, 67, 74, 75, 79, 86, 97, 98, 106, 107, 113, 116, 117, 118, 123, 124, 125, 141, 142, 148, 149, 150, 152, 154, 157 agus ar Rialachán NA maidir le taifeadáin sonraí teagmhais, a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh modhnuithe ar Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 9, a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh leasuithe ar Rialachán Comhdhlúite R.E.5, a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh ceithre rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le taifeadáin sonraí teagmhais, mótarfheithiclí a chosaint ar úsáid neamhúdaraithe agus ceadú an ghairis in aghaidh úsáid neamhúdaraithe, ceadú bac dúisithe agus ceadú feithicle maidir lena bac dúisithe, agus ceadú córas aláraim feithicle agus ceadú feithicle maidir lena córas aláraim feithicle, a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh Rún Frithpháirteach nua R.F.4, agus a mhéid a bhaineann leis na tograí maidir le doiciméid léirthuisceana le haghaidh Rialacháin Uimh. 155 agus 156 ó na Náisiúin Aontaithe<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún an togra thuas chuig an gComhairle an 8 Feabhra 2021.

2. An 27 Eanáir 2021, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) maidir le dréacht den togra ón gCoimisiún. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil sa Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an 10 Feabhra 2021, tar éis don Choimisiún é a ghlacadh.

3. Chun vóta i bhFóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí a áirithiú, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú d'aon toil[1] maidir le leasú amháin ar théacs an Choimisiúin ionas go léireofaí go baileach míreanna 11.2 - 11.4 de Thogra UNECE le haghaidh shraith leasuithe 01 a ghabhann le Rialachán NA maidir le taifeadáin sonraí teagmhais.

4. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle téacsanna an Chinnidh ón gComhairle agus an seasamh a mhol an tAontas, mar a leagtar amach in 5988/21 agus 5991/21 iad agus tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur orthu, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.

---

[1] Níor aontaigh an Coimisiún leis an leasú seo ar leibhéal na Meithle.